GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas Press Release 11.03.2021	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language version is available on page 3.

Imeachtaí an Earraigh 2021

'Anois teacht an earraigh, beidh an lá dul chun síneadh...' agus beidh riar mhaith imeachtaí i nGaeilge ar siúl le linn laethanta fada an earraigh seo ag Gaeilge Iorrais agus ag eagraíochtaí eile. Cuirfidh cainteoirí Gaeilge, foghlaimeoirí Gaeilge, teaghlaigh le Gaeilge agus lucht spéise araon suim ar leith sna himeachtaí seo. Ina measc na n-imeachtaí atá idir lámha ag Gaeilge Iorrais agus/nó ar na bacáin ag dreamanna eile, tá;

1. **An Ghaeltacht faoi bhláth**: sraith cainteanna ar líne faoin ngarraíodóireacht agus faoin dúlra. Comhthogra é seo le hoifigigh pleanála teanga eile. Bíonn aoichainteoir nua ó cheantar éagsúil Gaeltacha ag plé téama difriúil chuile Mháirt ag 7.30i.n. I measc na dtéamaí a bhí/bheidh faoi chaibidil sa tsraith seo tá, mar shampla, an gairdín san earrach, gairdín na luibheanna, ag fás glasraí, bithéagsúlacht ar chloch eibhir, bleibíní, éin sa ghairdín, crainn sa ghairdín, plandaí dúchasacha agus mar sin de. Más spéis leat freastal ar aon cheann de na cainteanna seo nó níos mó a chloisteáil faoin ábhar tráthúil seo, fáilte romhat clárú ag: https://forms.gle/r3g2MzyofbuG9cnw6 nó thiocfadh leat breathnú ar chainteanna go dtí seo ar chainéal *YouTube* na n-oifigeach pleanála teanga 'Seo í an Ghaeltacht' ag https://www.youtube.com/channel/UCk-CzsbLBs6QQn1wJFUKiHA. Breis eolais: http://www.gaeilgeiorrais.ie/index.php/feachtais-campaigns

2. **Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021**: Tá an t-ullmhúchán ar bun arís do chomórtas reatha na bliana seo a bheidh ag tosú Luan Cásca (05.04.2021) agus ag críochnú Luan Bealtaine (03.05.2021). Tá Gaeilge Iorrais ag súil le foireann a chur le chéile ó Ghaeltacht Iorrais. Má tá tú sásta dul ag siúl nó ag rith ar a laghad faoi dhó

sa tseachtain ar son do phobail Ghaeltachta, íosmhéid de 10km a dhéanamh sa tseachtain agus an deis a thapú do chuid Gaeilge a úsáid nó a chleachtadh mar chuid de ghrúpa *WhatsApp*, cuir ríomhphost chugainn go beo ag gaeilgeiorrais@gmail.com.

3. **Nuachtlitir nua ag Gaeilge Iorrais:** Tá bailchríoch á cur le nuachtlitir nua de chuid Ghaeilge Iorrais chun cur leis an gcumarsáid rialta leis an bpobal áitiúil. Más mian leat a bheith coinnithe ar an eolas maidir le himeachtaí Gaeilge i nGaeltacht Iorrais agus ríomhphost a fháil uainn uair sa mhí, is féidir clárú do nuachtlitir Ghaeilge Iorrais ach ríomhphost a chur chugainn ag gaeilgeiorrais@gmail.com.

4. **Tuismitheoirí na Gaeltachta:** Tá go leor imeachtaí i nGaeilge ar siúl ag Tuismitheoirí na Gaeltachta do thuistí le leanaí óga agus gasúir bunscoile. Fáilte roimh theaghlaigh na Gaeltachta seo na deiseanna iontacha seo a thapú. Mar shampla, páirt a ghlacadh i gceardlanna ar líne cosúil le póga do theaghlaigh, suathaireacht do leanaí, ceardlanna aireachais, ealaíne, ceoil, aclaíochta do theaghlaigh, grúpa scéilíní agus spraoi do thuistí agus leanaí. Breis eolais agus clárú: meadhbh@tuismitheoirí.ie

5. **Glór na nGael:** Tá scéim nua 'Gaisce Ghlór' ag Glór na nGael do theaghlaigh agus mar sprioc aici labhairt na Gaeilge a spreagadh sa teach. Bronntar cairt ar gach teaghlach le 40 dushlán air ó thaobh labhairt na Gaeilge de mar theaghlach, rudaí cosúil le cluiche boird Gaeilge a imirt agus comharthaí Gaeilge a chur timpeall an tí. Faigheann siad greamán le cur ar gach sprioc nuair atá sé bainte amach acu. Beidh duaiseanna ar fáil gach seachtain le linn na scéime agus beidh mórdhuais ann ag deireadh na scéime ar fad. Breis eolais agus clárú: ainin@glornangael.ie

6. **An óige/TG4:** Beidh seachtain scannáin i nGaeilge ar TG4 ó Luan go hAoine (15 – 19 Márta). Taispeánfar scánnan i nGaeilge do pháistí chuile lá ag 16.30 (m.sh. Happy Feet 2, Rún Cheannanais Mhóir, Spongebob an Scannán (ag 13.20 Lá Fhéile Pádraig), Amhrán na Mara agus Dánta Deisteanacha Roald Dahl.

Bí i dteagmháil linn ag gaeilgeiorrais@gmail.com nó (097) 29023 más mian leat níos mó eolais a fháil faoin méid atá luaite anseo, chun spéis a chlárú linn nó chun moltaí ábhartha a roinnt linn. Coinnigh súil ar ár leathanach Facebook @Gaeilge Iorrais agus ar www.gaeilgeiorrais.ie don nuacht is déanaí.

Imeachtaí an Earraigh 2021

As the well known Raiftearaí song goes 'anois teacht an earraigh, beidh an lá dul chun síneadh...' and some great Irish language activities are taking place this season. Irish speakers, learners, families and other interested parties will have a keen interest in these activities. Some of the activities which are planned include;

1. **An Ghaeltacht faoi bhláth**: a series of online talks *as Gaeilge* about gardening and nature. This is a group initiative of language planning officers in the Gaeltacht. Each Tuesday evening at 7.30pm a new speaker from a different Gaeltacht area discusses a particular topic. Examples of topics include, the garden in springtime, herb garden, biodiversity in the garden, planting bulbs, garden birds, native plants, garden trees and so on. If you're interested in attending one/any of these talks or hearing more about these topics, fáilte romhat. Please register online: https://forms.gle/r3g2MzyofbuG9cnw6. Feel free to check out the talks to date on the language planners YouTube channel 'Seo í an Ghaeltacht' ag https://www.youtube.com/channel/UCk-CzsbLBs6QQn1wJFUKiHA. Further info: http://www.gaeilgeiorrais.ie/index.php/feachtais-campaigns

2. **Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021**. Planning is already in full swing for this year's comórtas reatha na Gaeltachta which is due to start on Easter Monday (05.04.2021) and will finish four weeks later on May Day (03.05.2021). Following from the success of last year, Gaeilge Iorrais is hoping to register a team from the Erris Gaeltacht area again this year. If you're looking for a month-long challenge, happy to participate in this community endeavour *ar son do phobail* and go for a walk or a run at least twice a week for four weeks, averaging at least 10km per week (distance most important not the time taken), and of course willing to take advantage of the opportunity to use or practice whatever Irish you have in the local WhatsApp group which will be set up for the duration of the comórtas, please send us an email gaeilgeiorrais@gmail.com

3. **Gaeilge Iorrais newsletter:** We're currently putting the finishing touches to our new monthly newsletter which will give a brief summary of relevant Irish language activities taking place in our Gaeltacht area and allow us to communicate more

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

regularly with the local community. If you would like to be kept posted on Irish language activities in Gaeltacht Iorrais, please sign up at gaeilgeiorrais@gmail.com.

4. **Tuismitheoirí na Gaeltachta:** Tá go leor imeachtaí i nGaeilge ar siúl ag Tuismitheoirí na Gaeltachta do thuistí le leanaí óga agus gasúir bunscoile. Fáilte roimh theaghlaigh na Gaeltachta seo na deiseanna iontacha seo a thapú. Mar shampla, páirt a ghlacadh i gceardlanna ar líne cosúil le ióga do theaghlaigh, suathaireacht do leanaí, ceardlanna aireachais, ealaíne, ceoil, aclaíochta do theaghlaigh, grúpa scéilíní agus spraoi do thuistí agus leanaí. Breis eolais agus clárú: meadhbh@tuismitheoirí.ie

5. **Glór na nGael:** Tá scéim nua 'Gaisce Ghlór' ag Glór na nGael do theaghlaigh agus mar sprioc aici labhairt na Gaeilge a spreagadh sa teach. Bronntar cairt ar gach teaghlach le 40 dushlán air ó thaobh labhairt na Gaeilge de mar theaghlach, rudaí ar nós, cluiche boird Gaeilge a imirt agus comharthaí Gaeilge a chur timpeall an tí. Faigheann siad greamán le cur ar gach sprioc nuair atá sé bainte amach acu. Beidh duaiseanna ar fáil gach seachtain le linn na scéime agus beidh mórdhuais ann ag deireadh na scéime ar fad. Breis eolais agus clárú: ainin@glornangael.ie

6. **An óige/Tg4:** A week of Irish language movies for children will be shown on TG4 from Monday to Friday (15 – 19 March) every day at 16.30. Great Irish language version of movies are scheduled, such as Happy Feet 2, Rún Cheannanais Mhóir, Spongebob an Scannán (ag 13.20 Lá Fhéile Pádraig), Amhrán na Mara and Dánta Deisteanacha Roald Dahl.

If you would like to hear more about these activities call us on 097-29023, email us at gaeilgeiorrais@gmail.com check out our website www.gaeilgeiorrais.ie or follow our Facebook page @Gaeilge Iorrais.

(**CRÍOCH/END**)